**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin 24 Aibreán 2025 ag 11.00am**

**Cruinniú hibrideach: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322 agus físchomhdháil (FC)**

<table>
<tr><td>An Bord</td><td>I láthair:<br><br>- Eoin McVey, Cathaoirleach<br>- An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Leaschathaoirleach (FC)<br>- An Dr Marie Bourke (FC)<br>- Liz Coffey (1-14)<br>- Michael Diviney<br>- Lisa Grimm<br>- An tOllamh Kalpana Shankar<br>- Caitriona Sharkey (FC)<br>- Genevieve Wyeth<br><br>Leithscéalta:<br><br>- An Dr Brian Lang<br>- John Grenham<br>- Lorelei Harris</td></tr>
<tr><td>Feidhmeannas</td><td>I láthair:<br><br>- An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir (1-14)<br>- Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-14)<br>- An Dr Sinéad McCoole, Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe (5)<br>- Brian O'Donnell, Leas-stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát (9)<br>- Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca (POR) (9-11)</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tabhair do d'aire: Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuirtear in iúl (Mír 1-14) thuas, mar shampla, nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh siad i láthair le haghaidh mír(eanna) áirithe de na miontuairiscí.</td></tr>
</table>

## 1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Bhí Liz Coffey, an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha, i láthair dá céad chruinniú Boird mar an t-ainmní nuacheaptha de chuid na foirne.

**Bhí an cruinniú Boird le córam. Ghlac an Bord leis an gclár oibre agus níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí leasa.**

Tabhair do d'aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh chruinniú an Bhoird. Fuair an Bord *100 poems* agus *Death of a Naturalist* le Seamus Heaney chun teacht le turas príobháideach de thaispeántas Seamus Heaney: Éist Anois Arís a cuireadh ar siúl ag an am céanna. Seoladh cóip den chur i láthair a soláthraíodh faoi mhír 5 i ríomhphost chuig an mBord tar éis an chruinnithe. Glacadh leis gur léadh na páipéir uile.

## 2. Dréacht-mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus a bhfoilseachán

**D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí de na cruinnithe Boird a tharla ar an 12 Nollaig 2024 agus ar an 27 Feabhra 2025, faoi réir leasú ar na miontuairiscí maidir leis an dara cruinniú. D'fhaomh an Bord foilsiú na miontuairiscí sin agus folú iontu más infheidhme.**

**Thug an Bord comhairle an Chathaoirligh faoi deara go n-athbhreithneoidh sé folú na miontuairiscí faofa ó 29 Feabhra go 24 Deireadh Fómhair 2024 mar fhreagra ar iarratas saorála faisnéise a fuarthas le déanaí, agus cuirfear toradh an athbhreithnithe sin faoi bhráid an Bhoird le haghaidh a chéad chruinniú eile.**

## 3. Nithe ag éirí astu

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird, agus chuir sí an Bord ar an eolas ó bhéal ar ábhair ghaolmhara.

**Thug an Bord dá n-aire na nithe ag éirí astu lena n-áirítear míshástacht comhalta boird amháin ar mhéid agus fad na ngníomhartha oscailte.**

## 4. Tuarascáil Feidhmiúcháin

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird, agus chuir sí an Bord ar an eolas ó bhéal ar ábhair ghaolmhara. Thug an Stiúrthóir freagraí ar cheisteanna ón mBord maidir le (i) deiseanna le haghaidh comhoibriú féideartha le piarinstitiúidí in oirthear na hEorpa; an infhaighteacht mholta

ar líne den tsraith ‘Legacy in the Library’, Stiúrthóir nua Mhúsaem Litríochta na hÉireann (MoLI) agus cuairt an Fheidhmeannais le déanaí chuig Leabharlann na Breataine, Boston Spa.

**Thug an Bord dá n-aire, agus phléigh siad Tuarascáil an Fheidhmeannais 24 Aibreán 2025.**

## 5. Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú, Plean 3 bliana

Thug an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe (TFC) cur i láthair ina mbreathnaíodh ar TFC idir 2025-2028, agus d’fhreagair sí ceisteanna ón mBord maidir leis an bhfís, an Tionscadal Forbartha Caipitil agus for-rochtain réigiúnach.

**Thug an Bord dá aire, agus phléigh siad, cur i láthair an Cheannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe.**

## 6. Coistí an Bhoird

### 6.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

#### 6.1.1 Tuarascáil an 8 Aibreán 2025

Thug Leaschathaoirleach an Bhoird, ina ról mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, breac-chuntas ar an bpáipéar Boird.

Chuir Cathaoirleach an Bhoird an Bord ar an eolas maidir le buiséad 2025, agus phléigh an Bord an t-ábhar céanna.

**Thug an Bord dá n-aire an tuarascáil don Bhord ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 8 Aibreán 2025. Thug an Bord dá n-aire, agus phléigh siad eolas an Chathaoirligh maidir le buiséad 2025.**

#### 6.1.2 Miontuairiscí an 17 Feabhra 2025

**Thug an Bord dá n-aire miontuairiscí faofa chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 17 Feabhra 2025.**

6.1.3 Téarmaí Tagartha

**Chaith an Bord súil siar ar Théarmaí Tagartha an Choiste, agus d'fhaomh siad na leasuithe molta. Thug an Bord dá n-aire comhairle an choiste don Bhord, faoi réir mionleasú, ar chomhoiriúnacht Théarmaí Tagartha an Choiste leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.**

6.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas

Toisc gur tugadh leithscéalta chathaoirleach an choiste faoi deara do chruinniú an Bhoird, chuir an Stiúrthóir, ina ról mar bhall ex officio an Choiste, an Bord ar an eolas ó bhéal maidir le cruinniú an choiste ar an 3 Márta 2025.

**Thug an Bord dá n-aire an t-eolas ó bhéal maidir le cruinniú an Choiste um Ghinealas agus Araltas ar an 3 Márta 2025.**

6.3 An Coiste Comhairleach do Léitheoirí: Tuarascáil an 8 Aibreán 2025 agus Miontuairiscí an 5 Feabhra 2025

Toisc gur tugadh leithscéalta chathaoirleach an choiste faoi deara do chruinniú an Bhoird, thug comhalta eile Choiste an Bhoird eolas ó bhéal don Bhord maidir le cruinniú an choiste ar an 8 Aibreán 2025.

**Thug an Bord dá n-aire an t-eolas ó bhéal maidir le Coiste Comhairleach na Léitheoirí ar an 8 Aibreán 2025.**

## 7. Comhaontú Maoirseachta 2025

**Mheas agus d'fhaomh an Bord an Comhaontú Maoirseachta dréachta, 2025, faoi réir leasú alt 8.4 faoi mar a sonraíodh ar pháipéar an Bhoird.**

## 8. Acmhainní Daonna: [redacted]

Agus leithscéalta an Cheannasaí d'Acmhainní Daoine tugtha faoi deara do chruinniú an Bhoird, thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar pháipéar an Bhoird.

[redacted]

[redacted] **Chomhaontaigh an Bord mír chláir le haghaidh an chéad chruinniú eile den Bhord.**

## 9. Tionscadal Forbartha Caipitil: Socruithe Rialachas & Oibríochtaí

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird. Thug an Leas-Stiúrthóir-Ceann na nEastát uasdátú ó bhéal ar an Tionscadal i gcoitinne.

**Thug an Bord dá n-aire, agus phléigh siad, an t-uasdátú ar na nósanna imeachta airgeadais faoi shocruithe Rialachais agus Oibríochtaí maidir leis an Tionscadal Forbartha Caipitil. Thug an Bord dá n-aire an t-eolas ó bhéal ar an tionscadal i gcoitinne.**

## 10. Cúrsaí Airgeadais

10.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain dar críoch 28 Feabhra 2025 agus uasdátú ar Bhuiséad 2025

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird. Chuir an Cathaoirleach comhairle ar an gCeannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca gur phléigh an Bord Buiséad 2025 faoi mhír 6.1.1.

**D’fhormheas an Bord na Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 28 Feabhra 2025.**

10.2 Beartas ar Chártaí Creidmheasa

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird, agus d’fhreagair sí ceisteanna ón mBord ar na teorainneacha a cuireadh ar chartaí creidmheasa; na ceannacháin, thar cheann an NLI a ghearrtar ar na cártaí creidmheasa in ainm an Cheannasaí Airgeadais; maoirseacht an Chathaoirligh ar na táillí a chuirtear ar an gcárta creidmheasa in ainm an Stiúrthóra.

**D’fhaomh an Bord an Dréachtbheartas ar Chartaí Creidmheasa (NLI-PRV5-08).**

10.3 Beartas Soláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird, agus d'fhreagair sí ceist ón mBord maidir leis an mBord a choimeád ar an eolas maidir le conarthaí a bhronntar os cionn €25000.

**Thug an Bord dá n-aire an Beartas Soláthair uasdátaithe le haghaidh Earraí agus Seirbhísí (FIN-PO-01, Leagan 3)**

**11.** Bainistíocht Riosca: Tuarascáil POR

Chuir an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca an Bord ar an eolas ó bhéal ar an eachtra riosca mar atá leagtha amach i Tuarascáil CIR an 8 Aibreán 2025 (Mír 6.1.1); an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr tearcmhaoiniú; agus tá athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha tosaithe.

**Thug an Bord dá n-aire cuntas ó bhéal ar bhainistíocht riosca ón POR.**

**12.** Bord agus TFC

**Phléigh an Bord an páipéar Boird. Mheas agus d'fhaomh an Bord an t-aistriú, ar bhonn tástála, ó Mheitheamh 2025 le haghaidh an Bhoird agus a chuid coistí ó Zoom go Microsoft Teams agus ó Hightail go Microsoft SharePoint.**

**13. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**14.** An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin 26 Meitheamh 2025, 10.00am (hibrideach)

**Thug an Bord dá n-aire an clár oibre dréachta le haghaidh 25 agus 26 Meitheamh 2025, agus eiseoidh Rúnaí an Bhoird suirbhé chuig na comhaltaí le cuidiú léi lena hullmhúcháin.**

**15.** Am príobháideach

**D’fhaomh an Bord spriocanna an Stiúrthóra le haghaidh 2025. Mheas siad freisin feidhmíocht an stiúrthóra in 2024, agus bhí siad moltach d’aon ghuth as an bhfeidhmíocht sin.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**